II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2021/1154 ÓN gCOIMISIÚN

an 9 Iúil 2021

lena mbunaítear iamh iascaigh le haghaidh tuinníní gorma san Aigéan Atlantach, lastoir de 45° I, agus sa Mheánmhuir i gcás soithí a bhfuil bratach na Gréige ar foluain acu

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú ([1]), agus go háirithe Airteagal 36(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2021/92 ón gComhairle ([2]) cuótaí le haghaidh 2021.

(2) De réir na faisnéise a fuair an Coimisiún, tá an cuóta a leithdháileadh le haghaidh 2021 ídithe ag gabhálacha an stoic tuinníní gorma san Aigéan Atlantach, lastoir de 45° I, agus sa Mheánmhuir ag soithí a bhfuil bratach na Gréige ar foluain acu nó atá cláraithe sa Ghréig.

(3) Is gá, dá bhrí sin, toirmeasc a chur ar ghníomhaíochtaí áirithe iascaireachta a bhaineann leis an stoc sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ídiú cuótaí

Maidir leis an gcuóta iascaireachta le haghaidh 2021 a leithdháileadh ar an nGréig le haghaidh an stoic tuinníní gorma san Aigéan Atlantach, lastoir de 45° I, agus sa Mheánmhuir dá dtagraítear san Iarscríbhinn, measfar é a bheith ídithe ón dáta a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Toirmisc

Cuirfear toirmeasc, ón dáta a leagtar amach san Iarscríbhinn, ar ghníomhaíochtaí iascaireachta a bhaineann leis an stoc dá dtagraítear in Airteagal 1 ag soithí a bhfuil bratach na Gréige ar foluain acu nó atá cláraithe sa Ghréig. Go háirithe, beidh toirmeasc ar éisc ón stoc sin a ghabh na soithí sin a choinneáil ar bord, a athlonnú, a thrasloingsiú, nó a thabhairt i dtír tar éis an dáta sin.

([1]) IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2021/92 ón gComhairle an 28 Eanáir 2021 lena socraítear le haghaidh 2021 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L 31, 29.1.2021, lch. 31).

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 9 Iúil 2021.

Thar ceann an Choimisiúin,
Ar son an Uachtaráin,
Virginijus SINKEVIČIUS
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

Uimh.	12/TQ92
Ballstát	An Ghréig
Stoc	BFT/AE45WM (lena n-áirítear BFT/*641, BFT/*643, BFT/*8301, BFT/*8302 agus BFT/*8303F)
Speiceas	An tuinnín gorm (*Thunnus thynnus*)
Limistéar	An tAigéan Atlantach, lastoir de 45° I, agus an Mheánmhuir
Dáta deiridh	28.4.2021